Scoil Chualann

A Thuismitheoirí/chaomhnóirí,

Mar is eol daoibh bhí cruinnithe eolais againn le gairid do thusimitheoirí na scoile.

Labhramar le tuismitheoirí ranganna 3,4,5 agus 6 faoi na deacrachtaí a bhaineann leis na "fóin chliste", taibléid, X Box, PS srl.

Tá sé tugtha faoi deara againn nach bhfuil páistí na scoile nó go deimhin páistí bunscoile i gcoitinne sách aibí teicneolaíócht a úsáid gan duine fásta leo.

Táimid ag deileáil le fadhbanna a bhaineann le mí-úsáid idirlíne i Scoil Chualann le cúpla bliain anuas anois. Tá go leor ama caite ag múinteoirí ag iarraidh cabhrú le páistí atá trí cheile de bharr eachtraí nó rudaí atá ráite fúthu ar an idirlíon. Níl sé seo sách maith. Is gá dúinn an fód a sheasamh agus páistí Scoil Chualann a chosaint ón mí-iompar seo.

Tuigimid an tábhacht a bhaineann le teicneolaíocht an eolais do pháistí.Baintear úsáid as an teicneolaíocht seo i suíomh sábháilte na scoile. Ní féidir le scoileanna súil a choinneáil ar pháistí nuair atá siad sa bhaile ach is féidir libhse cabhrú leis na páistí trí mhonatóireacht a dhéanamh orthu agus iad ag plé leis an idirlíon.

Mhol an Bord Bainistíochta go gcuirfí cosc leis na "fóin chliste" i dtimpeallacht na scoile roimh an samhradh. D'aontaigh foireann na scoile leis an moladh seo ag an gcéad chruinniú foirne don scoilbhliain 2018/19.

Labhramar libhse na tuismitheoirí faoin scéal seo ag na seisiúin eolais Dé Máirt ,9 Meán Fómhair. Bhí a raibh i láthair ar aon tuairim go mba chóir cosc a chur leis na fóin chliste. Tá tuismitheoirí na scoile an –sásta leis an socrú seo. Ba mhaith linn tacú libh .

Molaimid anois go gcuirfidh sibh smacht ar úsáid na teicneolaíochta sa bhaile.

Muna bhfuil tacaíocht na dtuismitheoirí againn ní eireoidh linn!

Moladh gan scéal mór a dhéanamh de na fóin/I pads/ríomhairí glúine agus **nár** chóir iad a fháil do pháistí **don Nollaig nó don Choineartú.**

<u>Is féidir linne cabhrú leis na páistí nuair atá siad ag baint úsáide as teicneolaíocht.</u>

- Bí cinnte go bhfuil duine fásta leis an bpáiste agus iad ar líne agus cuir teorainn ama leis
- Ná ceannaigh fón póca /taibléid go dtí go dtí go bhfuil na gasúir réidh le bheith freagrach astu (**sa mheánscoil**)
- Lig do na páistí eolas a chur ar an teicneolaíocht de réir mar a théann siad in aois ,
- Múch an idirlíon istoíche
- Ná bíodh cead ag na páistí teilifís, Ipads,taibléid nó fóin a úsáid sna seomraí codlata Labhair leis an gclann faoin méid ama a chaitheann an teaghlach leis an teicneolaíocht agus eagraigh gníomhaíochtaí saor ón teicneolaíocht má tá iomarca ama á chaitheamh leis an teicneolaíocht
- Bíodh cód iompair ag an teaghlach don idirlíon , bí cinnte go bhfuil ionchur ag gach duine sa chód agus go dtuigeann gach duine é .Féach ar an mbileog ó Cybersafeireland (iniata)
- Labhair leis na páistí is sine (**Rang 5,6)** faoin "likes" , "followers", "selfies",Snapchat, Instagram, What'sApp.

Ranganna 4,5,6

<u>Má tá do pháiste i dteach duine eile b'fhiú a chinntiú go bhfuil na rialacha céanna i bhfeidhm sa teach sin.</u>

Ní cóir do na páisti ábhar mí-oiriúnach a phlé le páistí eile sa rang.

Ba chóir go dtuigfeadh tuismitheoirí go bhféadfadh páistí óga an teaghlaigh ábhar mí-oiriúnach a fháil ó thaibléid/fóin na ndearthaireacha agus na ndeirfiúracha is sine agus go bhféadfadís an t-ábhar seo a phlé le páistí eile ar scoil.

Bhí cuntas ag roinnt páistí ar YouTube an bhliain seo caite. Bhí páistí ag caitheamh anuas ar a chéile agus bhí roinnt páistí an-chorraithe faoi seo.

Is gá dúinn na páistí a chosaint ón droch iompar seo.

Go raibh maith agaibh as an méid seo a léamh!

Carmel Ní Ghairbhín
Príomhoide

Dear Parents/Guardians

As you are aware we had some briefing sessions for the parents of children in Scoil Chualann recently.

We spoke to parents of children in 3rd, 4th, 5th and 6th of the dangers associated with smart phones, tablets, X Box and PS.

We have noticed that children in our school and indeed in primary schools in general are not mature enough to use technology without parental supervision.

We have been dealing with problems which have resulted from inappropriate internet usage in recent years. Teachers have spent a lot of time supporting children who have been upset, ridiculed or teased online. This is not good enough.

We need to take a stand and protect the children from this kind of behaviour.

We understand the importance of technology in education. We use technology in a supervised setting. Schools cannot supervise children's internet usage when they are at home. Parents must take responsibility and monitor their children's online activity.

In June the Board of Management suggested that smart phones should be banned in the school environment. The teachers agreed with this suggestion at our first staff meeting of 2018/19.

We spoke to you the parents about this suggestion at our information session on Tuesday, September 9th.

All present were in agreement that smart phones should be banned in Scoil Chualann. The feedback has been really positive and we are delighted to support you in protecting your children.

We would now respectfully request that you take control of your children's internet usage.

This initiative will not succeed without your support.

If your child has a smart phone already you must supervise haw they use it.

Please do not make an issue of smart phones, tablets, laptops. Defer getting them until the children are old enough to be able to use them responsibly.

It was suggested by a parent at the information session that we should refrain from associating the gift of a smart phone/ laptop/tablet/ X box /PS with Christmas and Confirmation.

How can we help our children to learn to be cybersafe?

- *Ensure that there is a responsible adult present when children are on the internet and limit usage*
- *Do not buy or accept smart phones as gifts until children are cyber aware and ready to use them (secondary school)*
- *Allow the children to learn about technology in an age appropriate way (no child should be unsupervised on the internet)*
- *Turn off the internet or take technology from the children at night time*
- *Never allow the children to have technology in their bedrooms.*
  Speak to the family about how much time is being spent online by all family members and organise technology free activities.
- *Have a family internet charter, involve everyone and ensure that everyone understands it. Refer to the Cybersafeireland leaflet enclosed.*
- *Speak with the older children about "likes", "followers", "selfies", Snapchat, Instagram, WhatsApp etc.*
- *If your child is invited to another home to play ensure that the same rules are in place with regard to the internet*
- *Discourage you children from discussing unsuitable topics with other children in school*
- *If there are teenagers in your home ensure that the younger children cannot access unsuitable material from their sibling's technology*
- *Some children had "You Tube" accounts last year. They used them to ridicule other children and these children were left feeling isolated and upset. We need to guard against this kind of behaviour.*

Go raibh maith agaibh as an méid seo a léamh!

Carmel Ní Ghairbhín
Príomhoide